An Coimisiún Eorpach

# LEAS A BHAINT AS TALLANN RÉIGIÚIN NA HEORPA



## Cad iad na dúshláin?


### Tá 82 réigiún de chuid an Aontais (thart ar 30 % de dhaonra an Aontais) thíos leis na nithe seo a leanas:

- Lucht saothair atá ag laghdú go tapa
- Sciar íseal den ardoideachas
- Imeacht daoine óga

## An daonra in aois oibre:

↘ tháinig laghdú 3,5 milliún duine air idir 2015 agus 2020 san Aontas
↘ meastar go dtiocfaidh laghdú eile air faoi 2050, is é sin laghdú 35 mhilliún duine breise

### An riosca nach mbeidh aon fhás ann agus go mbeidh sé ina ghaiste forbartha tallainne (oibrithe oilte neamh-leordhóthanacha chun tionchar an aistrithe dhéimeagrafaigh a fhritháireamh)




Réigiúin ina bhfuil laghdú ag teacht ar an daonra in aois oibre agus sciar d'oideachas treasach atá tite ar gcúl agus réigiúin ina bhfuilsoghluaisteachtdhiúltachdaoineidir15-39mblianad'aois

Catagóir

- Daonrainaoisoibreatáaglaghdúagusleibhéald'oideachastreasachatáagtitimargcúl
- imeacht daoine óga idir 15-39 mbliana d'aois
- Réigiúin eile

Foinse: Sonraí Eurostat



# **Borradh faoi Thallanna an Aontais Eorpaigh:**
## Cén chaoi a dtabharfar tacaíocht do réigiúin leis an 'sásra um borradh faoi thallann'?

1. Tionscadal **píolótach nua** in 2023 chun cuidiú le **réigiúin** straitéisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun daoine a bhfuil tallann acu a oiliúint, a mhealladh agus a choinneáil.

2. T**ionscnamh nua dar teideal 'Oiriúnú cliste réigiún don aistriú déimeagrafach'** chun tacú le réigiúin atá ag dul i ngleic leis an aistriú déimeagrafach go háitiúil.

3. Tacaíocht ón **Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil** chun aghaidh a thabhairt ar an daonra in aois oibre atá ag laghdú agus ar an easpa scileanna.

4. **Cúnamh airgeadais díreach** ó chláir an Bheartais Chomhtháthaithe chun nuálaíocht agus deiseanna a spreagadh le haghaidh poist ardscileanna.

5. **Glao nua ar ghníomhaíochtaí nuálacha faoin 'Tionscnamh Uirbeach Eorpach'** chun tástáil a dhéanamh ar réitigh áitbhunaithe faoi stiúir cathracha chun daoine a bhfuil tallann acu a fhorbairt, a choinneáil nó a mhealladh.

6. **Tionscnaimh comharthaíochta an Aontais** chun réigiúin leasmhara a chur ar an eolas faoi bheartais an Aontais i réimsí an taighde agus na nuálaíochta, an oideachais agus shoghluaisteacht na hóige.

7. **Taithí a mhalartú agus dea-chleachtais a scaipeadh.**

8. **Feabhas a chur ar an eolas anailíseach** chun tacú le beartais fhianaisebhunaithe maidir le forbairt réigiúnach agus imirce.



# Tuarascáil Déimeagrafaíochta:
## Treochtaí déimeagrafacha san Aontas Eorpach leis an ‘sásra um borradh faoi thallann’?

1

Léim sciar na **ndaoine fostaithe a bhí ag obair ón mbaile** san Aontas ó **dhuine amháin as seachtar in** 2019, go **duine amháin as cúigear** in 2020. In 2021, bhí beagnach gach ceathrú duine ag obair ón mbaile.




2

**Faoi 2050,**
beidh sciar na **ndaoine +65** thart ar 30 %, i gcomparáid le thart ar 20 % sa lá atá inniu ann.



3

Tar éis titim le linn phaindéim COVID-19, tá méadú de réir a chéile tagtha ar **an ionchas saoil** arís. In 2021, measadh gurb ionann an t-ionchas saoil san Aontas agus **82.8 bliain** i gcás na mban agus **77.2 bliain** i gcás na bhfear.



4

Tá méadú leanúnach tagtha ar **líon na dteaghlach**, agus tá an meánmhéid teaghlaigh ag titim i gcónaí. Tháinig an méadú is tapúla ar theaghlaigh ina bhfuil duine aonair, go dtí breis agus 70 milliún in 2021.




5

In 2020, ba é **1.5** an meánlíon **breitheanna clainne**, atá go mór faoi bhun luach **2.1** a theastaíonn chun daonra cobhsaí a choinneáil.



6

Tá **laghdú ag teacht ar sciar na hEorpa de dhaonra an domhain** agus ní bheidh san Eoraip ach thart ar **4 %** de dhaonra an domhain in 2070, i gcomparáid le 6 % sa lá atá inniu ann.



© An tAontas Eorpach, 20XX
Ceadaítear athúsáid an doiciméid seo, ar choinníoll go dtugtar an chreidiúint chuí agus go léirítear na hathruithe a dhéantar (Ceadúnas Idirnáisiúnta Creative Commons Attribution 4.0). Chun eilimintí nach leis an Aontas Eorpach iad a úsáid nó a atáirgeadh, d’fhéadfadh sé go mbeadh cead le lorg go díreach ó na sealbhóirí cirt féin. Gach íomhá © An tAontas Eorpach, mura sonraítear a mhalairt.